



## Deimhniúchán

Ní mór an chuid seo a chomhlánú do mhic léinn agus d'fhostaithe.  
Ba cheart d'iarratasóirí féinfhostaithe dul go dtí leathanach 3.

### Sonraí an deimhnitheora

Is féidir le daoine nach bhfuil in ann, mar gheall ar a ngairm, a seirbhís nó a bhfostaíocht, dul go pearsanta ar lá na vótála chun vótáil ag a stáisiún vótála iarratas a dhéanamh ar vóta poist. Féadfaidh mic léinn atá ag staidéar ar bhonn lánaimseartha in institiúid oideachais sa Stát iarratas a dhéanamh freisin.

Más rud é:

- gur fostaí é nó í an t-iarratasóir, ní mór dá fhostóir nó dá fhostóir ansin an fhoirm seo a dheimhniú
- gur mac léinn é nó í an t-iarratasóir,
- ní mór don chláraitheoir nó don rúnaí na hinstitiúide oideachais ábhartha ansin an fhoirm seo a dheimhniú
- gur duine féinfhostaithe é nó í an t-iarratasóir, beidh dearbhú reachtúil ag teastáil ansin (féach leathanach 3 agus déan neamhaird den leathanach seo).

### Sonraí an duine atá á dheimhniú

Ainm iomlán

Seoladh baile

  
  
  
Éirchód 

◀ Cuir isteach seoladh an ionaid oibre nó na hinstitiúide oideachais anseo

Gairm nó ról

◀ Baineann sé seo leis an duine atá ag deimhniú an fhoirm seo

Uimhir fóin

Seoladh ríomhphoist

### Deimhniú ó fhostóir más fostaí é nó í an t-iarratasóir

Deimhním, , go bhfuil ,

(an t-iarratasóir) fostaite mar  agus nach bhfuil sé nó sí in ann dul go pearsanta ar lá na vótála chun vótáil ag a stáisiún vótála ainmnithe mar gheall

### Deimhniú ó institiúid oideachais

Deimhním, , go bhfuil ,

(an t-iarratasóir), ag glacadh páirt i gcúrsa lánaimseartha staidéir oideachais sa Stát nach bhfuil sé nó sí in ann dul go pearsanta ar lá na vótála chun vótáil ag a stáisiún vótála ainmnithe mar gheall:

## Dearbhú reachtúil

### Dearbhú Reachtúil d'iaratasóir atá féinfhostaithe

Ní mór don dearbhú reachtúil seo a bheith comhlánaithe ag duine atá féinfhostaithe agus ar mian leis/léi cur isteach ar vóta poist toisc nach féidir leis/léi freastal ar a stáisiún vótála ainmnithe ar lá na vótála chun vótáil.

Féadfar dearbhú reachtúil a dhéanamh os comhair nótaire poiblí nó coimisinéir mionnaí nó coimisinéir síochána nó aturnae cleachtach. Is doiciméad dlíthiúil é. Beidh ort an dearbhú seo a dhéanamh agus a shíniú i láthair ceann amháin dóibh thuas.

#### Comhlánaíonn an t-iaratasóir an chuid seo.

Dearbhaím, \_\_\_\_\_, go sollúnta agus go macánta go bhfuil mé féinfhostaithe agus mar gheall ar mo chúrsaí oibre ní bheidh mé in ann freastal ar mo stáisiún vótála ar lá na vótála chun vótáil agus déanaim an dearbhú sollúnta seo ag creidiúint go coinsiasach go bhfuil an rud céanna fíor agus de bhua an tAcht i dTaobh Dearbhuithe Reachtúla, 1938.

Síniú \_\_\_\_\_ Dáta: \_\_\_\_\_

Ainm Priontála an Iaratasóra \_\_\_\_\_

#### Comhlánaíonn nótaire poiblí nó coimisinéir mionnaí nó coimisinéir síochána nó aturnae cleachtach an chuid seo.

Sa chás go gcuireann an t-iaratasóir a fhéiniúlacht nó a féiniúlacht in iúl ag baint úsáid as ceann de na doiciméid thíos, ba cheart duit uimhir an doiciméid, an dáta ar eisíodh é agus ainm na n-údarás a d'eisigh é a chur sna spásanna ábhartha.

Arna dhearbú os mo chomhair \_\_\_\_\_ [priontáil d'ainm] nótaire poiblí/coimisinéir mionnaí/coimisinéir síochána/aturnae cleachtaidh ag \_\_\_\_\_  
\*a bhfuil aithne agam air nó uirthi go pearsanta,

##### Nó

\*a bhfuil sainaitheanta dom ag \_\_\_\_\_ a bhfuil aithne agam air nó uirthi go pearsanta, **Nó**

\*a bhfuil a fhéiniúlacht nó a féiniúlacht curtha in iúl dom sular glacadh leis an Dearbhú seo trí phas uimh.

de chuid \_\_\_\_\_ arna eisiúint ar \_\_\_\_\_ ag údarás \_\_\_\_\_, a thabhairt dom, ar údarás é atá sainaitheanta ag Rialtas na hÉireann

##### Nó

Uimh. cárta aitheantais náisiúnta \_\_\_\_\_ arna eisiúint ar \_\_\_\_\_ ag na húdaráis \_\_\_\_\_ atá ina mBallstát de chuid an AE, Cónaidhm na hEilvéise nó Páirtí Conarthach sa Chomhaontú LEE

##### Nó

Pas Eachtrannach uimh. (doiciméad comhionann le pas) \_\_\_\_\_ arna eisiúint ag údarás \_\_\_\_\_ ar údarás \_\_\_\_\_ é atá sainaitheanta ag Rialtas na hÉireann

##### Nó

Doiciméad taistil do dhídeanaithe uimh. \_\_\_\_\_ arna eisiúint ar \_\_\_\_\_ ag an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí

##### Nó

Doiciméad taistil (seachas doiciméad taistil do dhídeanaithe) uimh. \_\_\_\_\_ arna eisiúint ag \_\_\_\_\_ an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí ag

\_\_\_\_\_ i gCathair/Contae \_\_\_\_\_

ar an \_\_\_\_\_ lá de \_\_\_\_\_ 20 \_\_\_\_\_

Síniú \_\_\_\_\_

\*Aturnae Cleachtach / Coimisinéir Mionnaí / Nótaire Poiblí / Coimisinéir Síochána \*Scríos mar is cuí

## An fhoirm seo agus cathain ba cheart duit í a úsáid

Chun vóta a chaitheamh, ní mór duit a bheith ar chlár na dtoghthóirí. Féadfaidh tú seiceáil an bhfuil tú cláraithe ag [www.seiceáilnclár.ie](http://www.seiceáilnclár.ie).

Is féidir leat [www.seiceáilnclár.ie](http://www.seiceáilnclár.ie) a úsáid freisin chun:

- › clárú chun vóta a chaitheamh;
- › do thaifead reatha a chomhlánú le do shonraí ar nós UPSP, dáta breithe agus Eircode; nó
- › athruithe a dhéanamh ar d'ainm nó do sheoladh baile.

Féadfaidh tú an fhoirm seo a úsáid chun iarratas a dhéanamh ar vóta poist muna bhfuil tú in ann:

- › mar gheall ar d'obair, nó
- › do staidéar lánaimseartha in institiúid oideachais sa stát

dul chuig d'ionad vótaíochta socraithe ar an lá vótaíochta.

## Conas a úsáidtear do chuid faisnéise

Chun vóta a chaitheamh, ní mór duit a bheith ar chlár na dtoghthóirí.

Tá roinnt sonraí pearsanta (d'ainm, seoladh, dáta breithe, UPSP agus náisiúntacht san áireamh) de dhíth ar d'údarás áitiúil chun d'iarratas a phróiseáil.

Féadfar an t-eolas seo a roinnt le húdaráis áitiúla eile nuair is gá chun an clár toghthóirí a bhainistiú agus a choimeád.

Chun cruinneas an chláir a chosaint is féidir do shonraí aitheantais a chros-seiceáil leis an Roinn Coimirce Sóisialaí ar bhonn teoranta chun sonraí aitheantais a dheimhniú (ainm, dáta breithe, UPSP). Cé gur doiciméad poiblí é an clár, ní fhoilseofar d'uimhir PSP ná do dháta breithe.

Cabhraíonn sé seo na nithe seo a leanas a chinntiú:

- › nach bhfuil ach daoine incháilithe cláraithe chun vóta a chaitheamh agus
- › go gcoimeádtar an clár suas chun dáta, agus
- › níl aon duine ar an gclár faoi dhó ná nach bhfuil sonraí míchearta acu.

Leagtar an bunús dlí sin amach san Acht um Athchóiriú Toghchánach, 2022.

## Eolas tacaíochta

Chun d'iarratas a chomhlánú, beidh ort d'fhoirm a bheith deimhnithe nó dearbhú reachtúil a bheith in éineacht léi.

- › Más fostaí tú beidh ar d'fhostóir an chuid ábhartha de leathanach 2 a chomhlánú.
- › Más mac léinn tú in oideachas lánaimseartha caithfidh tú ceist a chur ar chláraitheoir nó rúnaí d'institiúide oideachais an chuid ábhartha de leathanach 2 a chomhlánú.
- › Má tá tú féinfhostaithe ní mór duit an dearbhú ar leathanach 3 a dhéanamh i láthair ceann amháin díobh seo a leanas: aturnae cleachtach nó Coimisinéir Mionnaí nó Nótaire Poiblí nó Feidhmeannach Síochána.

## An dáta is déanaí chun iarratas a fháil

Is féidir leat an fhoirm seo a sheoladh chuig d'údarás áitiúil ag am ar bith. **Sa chás gur glaoth toghchán nó reifreann go foirmiúil**, ní mór don údarás áitiúil an fhoirm a fháil tráth nach déanaí ná:

Imeacht toghcháin	An dáta is déanaí le haghaidh d'iarratais a bheith faighte ag d'údarás áitiúil
Toghchán don Dáil	Dhá lá tar éis dáta lánscore na Dála
Fothoghchán Dála	Dhá lá tar éis an t-ordú lá vótaíochta a dhéanamh i gcás fothoghchán Dála
Toghchán uachtaránachta, Eorpach nó áitiúil nó reifreann	22 lá ar a laghad roimh lá na vótála (gan Domhnach, Aoine an Chéasta ná Laethanta Saoire Poiblí san áireamh)

Mura bhfaigheann d'údarás áitiúil d'fhoirm in am, ní féidir leis í a bhreithniú don toghchán nó don reifreann sin.

## Cén áit le d'fhoirm a sheoladh

Seol d'fhoirm chuig d'údarás áitiúil. Ar an gclúdach litreach, scríobh 'Clár Toghthóirí' agus seoladh baile an údaráis áitiúil iomchuí. Is féidir leat í a chur sa phost le stampa caighdeánach.

## Tuilleadh eolais

Téigh i dteagmháil le d'údarás áitiúil.

Is féidir leat seoladh d'údarás áitiúil a chuardach ar líne nó ceist a chur ar d'ionad Eolais do Shaoránaigh áitiúil.